# Féile Luimnigh 2019

## Roinn na Gaeilge

## Comórtaisí: Roinn B, C, D.

## Dátaí: 4ú Márta – 29ú Márta 2019

# IONTRÁLACHA

1. Caithfear na hiontrálacha, maraon leis na táillí, bheith istigh roimh an Aoine, 25ú Eanáir 2019.

2. Ina theannta san, ba mhór againn dá gcuirfeá ríomh-phost le liosta de na hiomaitheoirí ó do rangsa chuig ainecremin@gmail.com roimh 25ú Eanáir 2019. (**Clóscríofa**, led' thoil. Teimpléad le fail ar leathanach 8 thíos.)

**RIALACHA**

1. Caithfidh múinteoir, nó duine fásta ceaptha in áit an mhúinteora, teacht leis na bpáistí ón scoil.

2. Ní mór gach iontráil a bheith clóscríofa ar fhoirm oifigiúil agus caithfear an táille cheart iontrála a chur isteach le gach iontráil.

3. Aon uair a bhíonn teorainn ama i gceist cuirfear i bhfeidhm go daingean é.

4. Ní mór aon agóid i bhfoirm scríofa agus táille €6 a chur chuig an Cathaoirleach laistigh de 24 uair tar éis do dhuine páirt a ghlacadh i gcomórtas.

5. Caithfear trófaithe a thabhairt ar ais mí roimh chomórtas 'Roinn na Gaeilge' sa bhlian dar gcionn. Má chailltear iad, caithfear íoc astu. Caithfear íoc as damáiste ar bith a deintear dóibh.

6. Má bhíonn níos lú ná deichniúr iomaitheoir in aon chomórtas, ní bhronnfar ach dhá dhuais ar a mhéád. Bonn agus Teastas.

7. Caithfear seic a dhéanamh amach do 'Féile Luimnigh' i gcóir na tallaí iontrálacha.

**Roinn B** **Táille:** **€2 an duine.**

# Aithriseoireacht

**Comórtas:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1) Naíonáin Shóisearacha** | Cailíní & Buachaillí | Do Rogha Féin | } Gan dul thar 6-8 Líne |
| **2) Naíonáin Shínsearacha** | Cailíní & Buachaillí | Do Rogha Féin | |
| **3) Rang I** | Cailíní & Buachaillí | Do Rogha Féin | |

| | | |
|---|---|---|
| **4) Rang II** | Cailíní & Buchaillí | **Mo Chaitín**<br>Traidisiúnta, as an gcnuasach Rabhlaí Rabhlaí |
| **5) Rang III** | Cailíní & Buchaillí | **An Bhumbóg**<br>Daire Mac Pháidín |
| **6) Rang IV** | Cailíní & Buchaillí | **Deireadh an Lae** |
| **7) Rang V** | Cailíní & Buchaillí | **An tEarrach**<br>Tomás P. Mac Anna |
| **8) Rang VI** | Cailíní & Buchaillí | **Abhainn ag Caint**<br>Peadar Ó hAnnracháin |

## ROINN C — Táille: €2 an duine

# DRÁMA

**Bunscoileanna Amháin**

Dráma beag a chur i láthair. Is féidir an drama céanna a bheith ag níos mó ná grúpa amháin, más mian leis an múinteoir.

Gan níos mó ná deichniúir i ngach grúpa. Gan dul thar 10 nóiméad.
Béim ar (a) An Ghaeilge, (b) Aisteoireacht, (c) Úsáid Stáitse.

| Uimhir an Chomórtais | Rang | Duais |
|---|---|---|
| **9)** | **Naíonáin Shóisearacha** | Do Rogha Ábhar<br>Corn/Sciath don chéad áit agus teastas. Teastas don dara grúpa. |
| | | |
| **10)** | **Naíonáin Shínsearacha** | Do Rogha Ábhar<br>Corn/Sciath don chéad áit agus teastas. Teastas don dara grúpa. |
| | | |
| **11)** | **Rang I** | Do Rogha Ábhar<br>Corn/Sciath don chéad áit agus teastas. Teastas don dara grúpa. |
| | | |
| **12)** | **Rang II** | Do Rogha Ábhar<br>Corn/Sciath don chéad áit agus teastas. Testis don dara grúpa. |
| | | |
| **13)** | **Rang III** | Do Rogha Ábhar<br>**Corn Mhuintir Uí Eiremhóin** |
| | | |
| **14)** | **Rang IV** | Do Rogha Ábhar<br>**Corn Mhic Fhlannchadha agus Uí Cheallacháin** |
| | | |
| **15)** | **Rang V** | Do Rogha Ábhar<br>**Corn Mháire Ní Thiarnaigh** |
| | | |
| **16)** | **Rang VI** | Do Rogha Ábhar<br>**Corn Mháire Ní Shúilleabháin** |

**ROINN D** **TÁILLE: €6 don chór**

# CÓR-VÉARSAÍOCHT

Aon phíosa a rá. Gan níos mó ná **30** sa chór.

***Ní cheadaítear (a) fearas ar bith a úsáid sa chomórtas seo agus (b) Ní cheadaítear ceol a úsáid nó amhrán a chanadh le linn do'n chór-véarsaíocht.***

| Uimhir an Chomórtais | Rang | Duais |
|---|---|---|
| **17)** | **Naíonáin Shóisearacha** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **18)** | **Naíonáin Shínsearacha** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **19)** | **Rang I** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **20)** | **Rang II** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **21)** | **Rang III** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **22)** | **Rang IV** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **23)** | **Rang V** | Corn Chóir Véarsaíochta agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |
| | | |
| **24)** | **Rang VI** | Corn S.I.P.T.U. agus teastas amháin don chéad áit. Teastas amháin do gach cóir eile. |

- - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -

**Féile Luimnigh**
**Dánta 2019**

**RANG II**

**<u>Mo Chaitín</u>**
*Traidisiúnta, as an gcnuasach Rabhlaí Rabhlaí*

Tá caitín agamsa atá bán agus buí,
In aice na tine a bhíonn sé ina luí.
Ní féidir leis léamh, ní féidir leis scríobh,
Ní labhrann sé focal le muintir an tí.

Bímse ar scoil ag obair go dian
Is mo chaitín ag baile ina chodladh faoin ngrian.

**RANG III**

**<u>An Bhumbóg</u>**
*le Daire Mac Pháidín*

Luigh mé síos
Sa gháirdín inné,
Agus thit mé i mo chodladh
I lár an lae.

Dhúisigh mé go tapa
Nuair a bhuail an fón
Agus chonaic mé rud éigin
Ina shuí ar mo shrón.

Bumbóg mhór,
Dubh agus buí,
A tháinig ar cuairt
Nuair a bhí mé i mo luí.

Níor bhog mé ar feadh tamaill
Ar dheis ná ar chlé,
Agus d'eitil an bhumbóg ar aghaidh
Nuair a bhí sí réidh.

**RANG IV**

**<u>Deireadh an Lae</u>**

Tá an oíche ag titim;
Tá an ghrian ag dul faoi;
Tá deireadh go maidin
Le hobair an lae.
"Bhác," arsa an lacha
Agus chroith sí a ceann,
"Is ceart do gach éinne
Dul a chodladh in am."

Seo chugainn an capaillín;
Tá áthas ina chroí
Go bhfuil aige stábla
Is leaba bhreá thuí.
Suas lena chrúba,
Is síos lena cheann,
"Is ceart do gach éinne
Dul a chodladh in am."

| RANG V | RANG VI |
|---|---|
| **<u>An tEarrach</u>**<br>*le Tomás P. Mac Anna*<br><br>Léimeann na huain le háthas<br>Ar na páirceanna cois trá,<br>Léimeann mo chroí le gliondar<br>Go bhfuil sé ina lá.<br><br>Tagann an ghaoth ón muir<br>Is í ag siosarnach dom<br>Faoi thíortha i bhfad i gcéin,<br>A mbánta is a sléibhte lom.<br><br>Tá suan an gheimhridh thart;<br>Nach aoibhinn dúinn a bheith beo?<br>An t-earrach linn,<br>An samhradh romhainn,<br>Is an ghile a gabhann leo. | **<u>Abhainn ag Caint</u>**<br>*le Peadar Ó hAnnracháin*<br><br>Sruthán beag mé, sruthán beag mé,<br>Ó thaobh an chnoic a thagaim;<br>Is bím ag léimneach is ag rith<br>Is am ar bith ní stadaim.<br><br>Tháinig fir is d'imigh fir<br>Is tiocfaidh fir is imeoidh;<br>Ach bhíos ag rith is táim ag rith<br>Is bead ag rith i gcónaí.<br><br>Aoibhinn liomsa bheith ag rith<br>Ag gluaiseacht liom go sásta;<br>An t-uisce agam á thabhairt don mhuir<br>Le filleadh arís mar bháisteach.<br><br>Éistigí liom ag canadh poirt<br>Éistigí liom, a pháistí;<br>Éistigí liom ag canadh poirt<br>Is mé ag rith le fána.<br><br>Táimse óg is táimse sean,<br>Bead sean is óg i gcónaí;<br>Beadsa óg agus sibhse sean –<br>Táim sean le linn bhur n-óige.<br><br>Tháinig fir is d'imigh fir<br>Is tiocfaidh fir is imeoidh<br>Ach bhíos ag rith is táim ag rith<br>Is bead ag rith i gcónaí. |

# *Féile Luimnigh 2019*

**Cur chuig ainecremin@gmail.com, (clóscríofa) led' thoil**

## Roinn Na Gaeilge

**Roinn sa Chlár**

| Comórtas Uimhir | Uimhir | Ainm | Seoladh na Scoile | Rang | Táille |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | | | | |
| | 2 | | | | |
| | 3 | | | | |
| | 4 | | | | |
| | 5 | | | | |
| | 6 | | | | |
| | 7 | | | | |
| | 8 | | | | |
| | 9 | | | | |
| | 10 | | | | |
| | 11 | | | | |
| | 12 | | | | |
| | 13 | | | | |
| | 14 | | | | |
| | 15 | | | | |
| | 16 | | | | |
| | 17 | | | | |
| | 18 | | | | |
| | 19 | | | | |
| | 20 | | | | |
| | 21 | | | | |
| | 22 | | | | |
| | 23 | | | | |
| | 24 | | | | |
| | 25 | | | | |
| | 26 | | | | |
| | 27 | | | | |
| | 28 | | | | |
| | 29 | | | | |
| | 30 | | | | |
| | 31 | | | | |
| | 32 | | | | |
| | 33 | | | | |
| | 34 | | | | |
| | 35 | | | | |

Dáta:_____ Oide: _____

Uimhir theileafóin: _____ Ríomhphost: _____

**Cur cóip chuig ainecremin@gmail.com, (clóscríofa) led' thoil**